Department of Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028: Treoracha Gairide do Scoileanna

## TREOIR 8: AN CUR I BHFEIDHM AGUS TACAÍOCHT



# Cuspóir na treorach seo

Leagtar amach sa treoir seo an turas cur chun feidhme atá beartaithe do Churaclam Thuaisceart Éireann 2028 agus an tacaíocht ar féidir le scoileanna a bheith ag súil léi i rith an phróisis leasaithe.

Tógfaidh sé tamall le leasú curaclaim chomh mór seo a chur i bhfeidhm. Tá am de dhíth le athrú suntasach agus inbhuanaithe a dhéanamh chomh maith le foghlaim ghairmiúil, ceannaireacht agus pleanáil chúramach. Ar an chúis seo, tá sé beartaithe an cur i bhfeidhm a dhéanamh mar phróiseas fadtéarmach a thugann tús áite d'fhorbairt acmhainne sula dtugtar isteach ceanglais reachtúla. Dá bhrí sin, moltar do scoileanna amharc ar an dá bhliain acadúla atá romhainn mar dheis le tuiscint a fhorbairt, smaointeoireacht churaclaim a neartú agus páirt iomlán a ghlacadh sna leasuithe atá ag teacht chun cinn.

# Próiseas céimnithe

Tabharfar isteach Curaclam Thuaisceart Éireann 2028 fríd chlár céimnithe cur chun feidhme. Léiríonn sé seo fianaise idirnáisiúnta go mbraitheann leasú rathúil curaclaim ar thuiscint chomhroinnte agus saineolas gairmiúil a fhorbairt sula sroicheann athruithe suntasacha an seomra ranga.

**Céim 1 Meán Fómhair 2026 - Meitheamh 2028: ullmhúchán agus forbairt acmhainne.**

Le linn na tréimhse seo, éiríonn scoileanna cleachta le creat an churaclaim, le teidlíochtaí ábhar agus leis na prionsabail atá mar bhonn le leasú an churaclaim. Tacóidh deiseanna foghlama gairmiúla le múinteoirí agus le ceannairí tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar dhearadh curaclaim, ar dhul chun cinn agus ar an fhianaise a raibh tionchar aici ar an chreat nua. Féadfaidh scoileanna tosú le hathbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar curaclaim atá ann cheana féin agus réimsí a aithint ina mbeidh gá le forbairt amach anseo.

**Céim 2 Meán Fómhair 2028 - Meitheamh 2031: rolladh amach céimnithe reachtúil trí bliana.**

Ó Mheán Fómhair 2028, cuirfear tús le rolladh amach céimnithe reachtúil den churaclam. In ionad athruithe a thabhairt isteach i ngach bliainghrúpa ag an am chéanna, déanfar an cur i bhfeidhm de réir a chéile. Tá an cur chuige tomhaiste seo beartaithe le tacú le haistriú éifeachtach, cur isteach a íoslaghdú agus deiseanna a sholáthar fá choinne feabhsúcháin de réir mar a théann an cur i bhfeidhm ar aghaidh. Leanfaidh scoileanna de threoir, acmhainní agus foghlaim ghairmiúil a fháil i rith na tréimhse seo.

**Céim 3 Meán Fómhair 2031 ar aghaidh: feidhmiú agus feabhsú leanúnach.**

Tacófar le cur i bhfeidhm an churaclaim fríd thimthriallta athbhreithnithe leanúnacha, meastóireachtaí ábhair agus infheistíocht leanúnach i bhfoghlaim ghairmiúil. Is é an aidhm a chinntiú go bhfanfaidh an curaclam freagrúil don fhianaise agus ag an am chéanna an chobhsaíocht a theastaíonn ó scoileanna a sholáthar le cleachtas ardchaighdeáin a fhorbairt.

# Treochlár feidhmiúcháin: curaclam, cáilíochtaí agus measúnú

Léiríonn an léaráid thíos na garspriocanna fá choinne rolladh amach reachtúil an churaclaim agus an dóigh a n-idirghníomhaíonn siad seo le garspriocanna tábhachtacha fá choinne measúnachta agus leasú cáilíochta.

# TransformED

## Curriculum, Assessment and Qualifications Reform Milestones

**September 2028**

First year of phased curriculum implementation begins.

**September 2029**

Second year of phased curriculum implementation begins.

First year of teaching of new GCSE specifications.

**March 2030**

First new Year 4 Key Stage assessments in literacy and numeracy.

**September 2030**

Third year of phased curriculum implementation begins.

First year of teaching of new A Level specifications.

**March 2031**

First new Year 7 and 10 Key Stage assessments in literacy, numeracy and science.

**Jun–Aug 2031**

First awarding of new GCSE specifications.

**Jun–Aug 2032**

First award of new A-Level qualifications.

# Tacaíocht a thabhairt d'athrú éifeachtach ar an churaclam

Beidh roinnt prionsabal tábhachtach atá leagtha amach thíos mar bhonn agus mar thaca le cur i bhfeidhm an churaclaim nua.

- **Déanfar an cur i bhfeidhm de réir a chéile agus beidh sé struchtúrtha go cúramach**

Tabharfar am do scoileanna chun dul i ngleic leis an leasú, saineolas a fhorbairt agus socruithe pleanála a oiriúnú nuair is gá. Aithníonn sé seo go mbaintear an leas is fearr as athrú domhain ar an churaclam nuair a thugtar isteach é de réir a chéile agus nuair a thacaítear leis le forbairt ghairmiúil leanúnach.

- **Beidh foghlaim ghairmiúil i gcroílár an phróisis chur i bhfeidhm**

Cuireann an curaclam nua béim níos mó ar eolas atá sonraithe go soiléir, ar dhul chun cinn agus ar chomhleanúnachas ábhair. Dá bhrí sin, beidh deiseanna ag teastáil ó mhúinteoirí le dul i ngleic le hinneachar ábhar léinn, dearadh curaclaim agus cuir chuige atá bunaithe ar fhianaise i leith teagaisc agus foghlama. Beidh an fhoghlaim seo ar fáil fríd mheascán de dheiseanna duine le duine agus ar líne agus cuirfidh sí le tuiscint chomhroinnte ar chur i bhfeidhm curaclaim éifeachtach ar fud an chórais.

- **Déanfar infheistíocht shuntasach in acmhainní atá ailínithe leis an churaclam.**

Áireofar leis seo léarscáileanna curaclaim, pleananna aonaid, creatlacha dul chun cinn, ábhair cheachta agus acmhainní macasamhlacha atá deartha le cuidiú le scoileanna ceanglais reachtúla a aistriú go cleachtas comhleanúnach sa tseomra ranga. Tugann fianaise idirnáisiúnta le fios gur féidir le hacmhainní comhroinnte d'ardchaighdeán tacú le comhsheasmhacht, cur i bhfeidhm a fheabhsú agus ualach oibre neamhriachtanach a laghdú do mhúinteoirí.

- **Tá comhleanúnachas an chórais ríthábhachtach**

Tá sé mar aidhm ag an curaclam bunús soiléir a sholáthar fá choinne forbairtí níos leithne i measúnú, i gcáilíochtaí, in oideachas múinteoirí agus i bhfeabhsú scoile. Mar thoradh air sin, déanfar iarracht le tacaíocht cur chun feidhme comhsheasmhacht agus ailíniú a chinntiú i réimsí éagsúla den chóras oideachais.

# Amach anseo

Tugann an tréimhse chomhairliúcháin agus ullmhúcháin reatha deis thábhachtach le dul i ngleic leis an réasúnaíocht atá taobh thiar den leasú, iniúchadh a dhéanamh ar an struchtúr curaclaim atá beartaithe agus machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí atá ann don teagasc, don fhoghlaim agus don dul chun cinn. Cuirfidh tuiscint chomhroinnte i measc foireann teagaisc bunchloch láidir ar fáil fá choinne cur i bhfeidhm amach anseo.

De réir mar a bhíonn scoileanna ag ullmhú don athrú, b'fhéidir gur mhaith leo machnamh a dhéanamh ar láidreachtaí a gcuraclaim reatha, réimsí a aithint inar féidir dul chun cinn a neartú agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh deiseanna foghlama gairmiúla tacú le forbairt amach anseo.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. An dtugann an chéim ullmhúcháin dóthain ama le ullmhacht na foirne a thógáil?
2. Cad iad na hábhair imní, más ann dóibh, atá againn fán amlíne cur chun feidhme?
3. Cad iad na cineálacha foghlama gairmiúla a bheadh is úsáidí don fhoireann?
4. An bhfuil gnéithe den churaclam ar cheart tús áite a thabhairt dóibh fá choinne foghlama gairmiúla?

# Príomhtheachtaireacht

**Ba cheart smaoineamh ar an chur i bhfeidhm mar phróiseas feabhsúcháin fadtéarmach.**

**Braithfidh rath an leasaithe ar an churaclam ar thuiscint, muinín agus acmhainn a thógáil ar fud an chórais oideachais ionas gur féidir le gach foghlaimeoir leas a bhaint as curaclam comhleanúnach, uaillmhianach ar mhórán eolais.**

# Léitheoireacht mholta

- Curaclam 2028: Páipéar achomair (caibidil 8)